

AN LEABHAR A FUAIR FEAR DE MHUINNTIR LAIDHE

An leabhar dochtúrachta a bhí ag Muinntir Laidhe is in Árinn Bheag a fuaradar é. Fear de Mhuinntir Laidhe agus a mhac as an Lochán Beag a fuair é. Bhíodar ag iasgach agus níor airigheadar go dtáinig talamh faoin mbád, ar an áit a bhfuil Peadar Gabha anois ann.